



An Bhruiséil, 23 Aibreán 2025

CM 2465/25

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2025/0047(NLE)

2025/0046(NLE)

2025/0043(NLE)

**PECHE
PROCED**

TEACHTAIREACHT

AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

Teagmháil: LIFE.fisheries@consilium.europa.eu

Teil/Facs: +32.2.281.6083

- Ábhar:
- (1) Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach
 - Údarú chun an nós imeachta i scríbhinn a úsáid
 - Glacadh
 - (2) Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach
 - Údarú chun an nós imeachta i scríbhinn a úsáid
 - Comhaontú i bprionsabal
 - Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa
 - (3) Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach
 - Údarú chun an nós imeachta i scríbhinn a úsáid
 - Glacadh
- TÚS A CHUR LEIS AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN
-

I gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, agus i bhfianaise na práinne agus an ghá atá leis na deiseanna iascaireachta faoin gcomhaontú seo a athnuachan, chinn an Uachtaránacht nós imeachta i scríbhinn a sheoladh maidir leis an méid seo a leanas:

- Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le Cur Chun Feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach;
- comhaontú i bprionsabal ar an gCinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail thuasluaite thar ceann an Aontais, agus comhaontú é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil;
- glacadh an Rialacháin ón gComhairle maidir le deiseanna iascaireachta a chionroinnt faoin bPrótacal thuasluaite.

Iarrtar oraibh a chur in iúl:

1. A chomhaontú go n-úsáidfear an nós imeachta i scríbhinn chun na gníomhartha dlí thuasluaite a fhortheas (7375/25 + COR1, 7374/25 agus 7387/25).

Iarrtar oraibh AONTAÍMID, nó NÍ AONTAÍMID a thabhairt mar fhreagra.

2. An aontaíonn sibh leis an méid seo a leanas:
 - glacadh an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach, mar a leagtar amach in 7375/25 + COR1 é; agus an Rialacháin thuasluaite ón gComhairle maidir le leithdháileadh deiseanna iascaireachta, mar a leagtar amach in 7387/25 é;
 - comhaontú i bprionsabal i dtaca leis an gCinneadh thuasluaite ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in 7374/25 é, agus é a chur ar aghaidh, in éineacht le téacs an phrótacail (7042/25 + COR 1 + COR2 + COR3), chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAÍMID a thabhairt mar fhreagra amháin lena gcumhdaítear na trí ghníomh dlí.

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 15:00, an 25 Aibreán 2025**. Ba cheart iad a chur le ríomhphost chuig LIFE.fisheries@consilium.europa.eu.